

1



### AN COIMISIÚN EORPACH

- Coimisinéir amháin ó gach Ballstát
- Incomparáide le rialtas tíre
- A dhéanann ionadaíocht do AE



2



### COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

- Aire amháin ó gach Ballstát
- Comhlacht cinnteoireachta
- A dhéanann ionadaíocht do na Ballstáit



4



3



### PARLAIMINT NA hEORPA

- Uasmhéid 751 Feisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE)
- Comhlacht cinnteoireachta
- A dhéanann ionadaíocht do shaoránaigh AE



## I mBRÓGA FHEISIRE DE PHARLAIMINT NA hEORPA

### PRÓISEAS

Ag tosú anois, siúlfaidh tú i mbróga Fheisire de Pharlaimint na hEorpa (FPE). Thogh saoránaigh an Aontais Eorpaigh tusa go díreach i bParlaimint na hEorpa. Tá siad ag brath ortsa chun tograí dlí a leasú (=a athrú), a cheadú nó a dhiúltú.

Ar an gclár cluiche gheobhaidh tú cártaí agus beidh an taobh bán in uachtar. Tá uimhreacha ar na cártaí. Tosaigh le cárta 1: Casann ball amháin den ghrúpa an cárta thart agus léann sé a bhfuil scríofa ar an gcárta os ard. Ansin déanann an grúpa na tascanna.

I ndiaidh dul i ngleic le cárta 1, lean de réir oird le cártaí 2, 3 agus 4. Tabhair aird ar an uainiú mar atá léirithe ar an gcárta. Úsáid an bhileog oibre seo chun nótaí a bhreacadh.

### ATHRUITHE IARRTHA AG AN CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Scríobh síos na hathruithe iarrtha (leasuithe) go achomair anseo thíos (cárta 2).

---

---

### ATHRUITHE DÉANTA AG PARLAIMINT NA hEORPA

Scríobh síos aon athruithe (leasuithe) ar thogra dlí an Choimisiúin Eorpaigh thíos. Is é seo do dhlí nua. Moltar na hathruithe a d'iarr an Chomhairle an Aontais Eorpaigh (ar chárta 2) a chur san áireamh, mar aon leis an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ag páirtithe leasmhara éagsúla (cárta 3).

---

---

---

---

---

Liostaigh na hargóintí / cúiseanna a chreideann sibhse, mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa, go dtairgeann an dlí atá díreach cruthaithe agaibh an réiteach is fearr (cárta 4).

1. 

---

---

2. 

---

---

3. 

---

---

# 1. TÓGRA DLÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH “CAITHEAMH TOBAC IN AE”



Chun daoine óga a chosc ó thobac a chaitheamh, molann an Coimisiún Eorpach...

Airteagal 1: ...Go mbeadh rabhaidh sláinte éigeantach ar phaicéid toitíní, de réir mar a cinneadh i rialacháin AE roimhe seo.

Airteagal 2: ...Ní fhéadfaidh déantúsóirí a thuilleadh dearadh éagsúil a úsáid ar na pacáistí. Caithfidh gach pacáiste a bheith caighdeánaithe agus is é an cló céanna a bheidh in úsáid don ainm, don bhranda agus don déantúsóir.

Airteagal 3: ... Go bhfuil toirmeasc ar tháirgí tobac a dhíol le daoine atá faoi 18 mbliana d’aois ar fud AE.

EUROPE@SCHOOL

*Séanadh: Ní hionann an fhoirm, ná inneachar an cheachta seo agus léiriú iomlán agus beacht ar an saol réadúil, ná ní hionann iad agus léiriú ar bharúlacha iarbhíre Pharlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh ná na brúghrúpaí. Is sprioc oideachais amháin atá leis an gceacht ionsamhlúcháin seo, arb ionann é agus an t-aon bhunús fírinneach atá le cuid de na roghanna atá déanta.*

# 2. TÓGRA DLÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH “ARM AE?”



Ionas go mbeidh AE níos cumhachtaí sa chomhthéacs domhanda, molann an Coimisiún Eorpach...

Airteagal 1: ...Go mbunófar arm Eorpach.

Airteagal 2: ...Go n-implonófar an t-arm seo i rith tubaistí daonnúla, cosúil le triomaigh agus tuilte, laistigh agus lasmuigh de AE. Chomh maith leis sin, beidh sé in ann idirghabháil a dhéanamh i gcoinbhleachtaí lasmuigh de AE, e.g., sa tSiria.

EUROPE@SCHOOL

*Séanadh: Ní hionann an fhoirm, ná inneachar an cheachta seo agus léiriú iomlán agus beacht ar an saol réadúil, ná ní hionann iad agus léiriú ar bharúlacha iarbhíre Pharlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh ná na brúghrúpaí. Is sprioc oideachais amháin atá leis an gceacht ionsamhlúcháin seo, arb ionann é agus an t-aon bhunús fírinneach atá le cuid de na roghanna atá déanta.*

### 3. TÓGRA DLÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH “AE AGUS TÉAMH DOMHANDA”



Chun teochtaí domhanda a chosc ó ardú níos mó ná an teorainn chriticiúil de 2° Celsius, molann an Coimisiún Eorpach:

Airteagal 1. ... Go mbeadh 50%, ar a laghad, d’ídiú fuinnimh dheiridh in AE ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, cosúil le grianfhuinneamh agus gaothfhuinneamh, faoin mbliain 2030. Faoi 2050 ní mór go mbeadh 100% d’ídiú fuinnimh dheiridh AE ag teacht ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh.

Airteagal 2. ... Tá ról lárnach ag AE i gcomhdhálacha aeráide idirnáisiúnta agus cuireann sé ina luí ar thíortha eile mórthimpeall an domhain gníomhaíocht dháiríre a dhéanamh.

EUROPE@SCHOOL

*Séanadh: Ní hionann an fhoirm, ná inneachar an cheachta seo agus léiriú iomlán agus beacht ar an saol réadúil, ná ní hionann iad agus léiriú ar bharúlacha iarbhíre Pharlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh ná na brúghrúpaí. Is sprioc oideachais amháin atá leis an gceacht ionsamhlúcháin seo, arb ionann é agus an t-aon bhunús fírinneach atá le cuid de na roghanna atá déanta.*

### 4. TÓGRA DLÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH “DAONLATHAS EORPACH”



Ionas go mbeidh saoránaigh níos rannpháirtí san Aontas Eorpach, agus chun tuiscint cheart ar AE a chinntiú, molann an Coimisiún Eorpach:

Airteagal 1. ... Go gcuirfeadh gach Ballstát tús le vótáil éigeantach do na toghcháin Pharlaiminteacha Eorpacha. Chiallóidh sé sin go mbeadh oibleagáid ar gach saoránach a machnamh a dhéanamh ar na daoine a roghnaíonn siad chun ionadaíocht a dhéanamh dóibh i bParlaimint na hEorpa.

Airteagal 2. ... Roghnófar saoránaigh go randamach le bheith ar ‘Thionól de Shaoránaigh na hEorpa’ agus beidh an tionól sin páirteach sa phróiseas chun reachtaíocht nua a chur le chéile. Ba cheart don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa agus do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na tuairimí a bhíonn ag an Tionól de Shaoránaigh na hEorpa a chur san áireamh nuair a bhíonn siad ag teacht ar chinneadh.

EUROPE@SCHOOL

*Séanadh: Ní hionann an fhoirm, ná inneachar an cheachta seo agus léiriú iomlán agus beacht ar an saol réadúil, ná ní hionann iad agus léiriú ar bharúlacha iarbhíre Pharlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh ná na brúghrúpaí. Is sprioc oideachais amháin atá leis an gceacht ionsamhlúcháin seo, arb ionann é agus an t-aon bhunús fírinneach atá le cuid de na roghanna atá déanta.*

## 5. TÓGRA DLÍ ÓN gCOIMISIÚN EORPACH “DÍDEANAITHÉ SAN EORAIP”



Chun déileáil le teacht isteach imirceach agus iarrthóirí tearmainn in AE faoi láthair agus sa todhchaí b'fhéidir, agus chun roinnt chothrom costas a chinntiú, molann an Coimisiún Eorpach...

Airteagal 1: ... Go dtairgeann gach Ballstát de AE tearmann d'iarrthóirí tearmainn\* de réir na n-íoscheanglas Eorpach: Tá an ceart ag gach iarrthóir tearmainn chun bia, foscadh, oideachas, cúram sláinte agus rochtain ar obair fad is atá a (h)iarratas á phróiseáil.

Airteagal 2: ... Ba cheart go mbeadh plan buan athshocraithe ann d'iarrthóirí tearmainn ar fud AE. Ar an tsli seo, déanann gach tír iarracht chothrom.

Airteagal 3: ... Tá an cinneadh a dhéantar maidir leis an líon iarrthóirí tearmainn a chuirtear chuig gach tír bunaithe ar roinnt critéir:

- Olltáirgeacht náisiúnta (OTN) gach tír
- Daonra
- Rátaí dífhostaíochta
- Iarrachtaí déanta cheana féin dídeanaithe ó limistéir deighilte ag an gcogaiocht a fhoscadh agus a athshocrú

Airteagal 4: ... Ba cheart go mbeadh misean tarrhála mórsála ann d'imircigh\* atá ar an ngannchuid sa Mheánmhuir lena chinntiú nach bhfaighidh aon duine eile bás. Tá gach Ballstát de AE faoi oibleagáid cabhrú leis an misean seo bunaithe ar a OTN.

\* EOCHAIRTHÉARMAÍ:

**Imirceach:** Aon duine a fhágann a t(h)ír thionscnaimh ar chúis ar bith. Is é seo an scáth-théarma.

**Dídeanaí:** Is cineál sonrach imircigh é dídeanaí: Duine nach raibh de rogha aige/aici a t(h)ír a fhágáil mar gheall ar ghéarleanúint, cogadh nó foréigean. Tá faitíos roimh ghéarleanúint a bhfuil bunús maith leis ar dhídeanaí ar chúiseanna a bhaineann le cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil nó ballraíocht i ngrúpa sóisialta ar leith.

**Iarrthóir tearmainn:** Nuair a lorgaíonn dídeanaithe tearmann i dtír eile, déanann siad iarratas ar thearmann – an ceart a bheith aitheanta mar dhídeanaí agus cosaint dlí agus cúnamh ábhartha a fháil. Fad is go bhfuil a n-iarratas ar feitheamh, tugtar iarrthóirí tearmainn' orthu.

EUROPE@SCHOOL

*Séanadh: Ní hionann an fhoirm, ná inneachar an cheachta seo agus léiriú iomlán agus beacht ar an saol réadúil, ná ní hionann iad agus léiriú ar bharúlacha iarbhire Pharlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh ná na brúghrúpaí. Is sprioc oideachais amháin atá leis an gceacht ionsamhlúcháin seo, arb ionann é agus an t-aon bhunús firinneach atá le cuid de na roghanna atá déanta.*

## AN COIMISIÚN EORPACH

1. Léigh togra dlí an Choimisiúin Eorpaigh. (1 nóiméad)
2. Pléigh go hachomair an togra laistigh den ghrúpa: Céard faoi é? Iarr ar an múinteoir breis faisnéise a thabhairt duit más gá. (1 nóiméad)
3. Caitheann gach grúpa nóiméad ag machnamh ar cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an togra. Ina dhiaidh sin, tógann gach duine seal chun a b(h)arúil a chur in iúl do na baill eile den ghrúpa.

## FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

- Bíonn 26 % de dhaonra iomlán AE ag caitheamh tobac. San aoisghrúpa 15-24, tá an céatadán ag 29 %.
- Tosaíonn 80% de chaiteoirí ag caitheamh tobac sula mbíonn siad 18.
- Faigheann beirt as gach triúr caiteoirí bás mar go gcaitheann siad tobac.
- Is é an tobac is cúis le beagnach 700 000 bás san Aontas Eorpach gach bliain
- Tá na milliúin caiteoirí ag fulaingt mar gheall ar ghalair a bhaineann le caitheamh tobac, cosúil le hailse.
- Measann AE go bhfuil caitheamh tobac ag cosaint thart ar 25 billiún euro in aghaidh na bliana ar chóras cúraim sláinte na hEorpa.

## AN BHUNCHLOCH CHUN DAOINE ÓGA A CHOSC Ó THOBAC A CHAITHEAMH

Glacann an tionscal tobac leis gur 'caiteoirí tobac athsholáthair' iad daoine óga: tá siad ansin chun áit na ndaoine ar fad atá ag fáil bháis mar thoradh ar na hiarmhairtí a bhaineann le tobac a chaitheamh a thógáil. Sin é an chúis a bhfuilimid ag impí ar Pharlaimint na hEorpa an teorainn aoise a bhaineann le tobac a cheannach a ardú go dtí 21 in ionad 18.

## TÉAMA 1: CAITHEAMH TOBAC IN AE

## COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Ní aontaíonn Comhairle na nAirí go hiomlán le togra an Choimisiúin Eorpaigh. Ba mhaith linn na hathruithe seo a leanas a fheiceáil:

Airteagal 2: Féadfar lógó na mbrandaí toitíní a thaispeáint ar na paicéid

Airteagal 3: Ní féidir ach leis na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir leis an teorainn aoise a bhaineann le táirgí tobac a cheannach.

Scríobh síos na hathruithe (leasuithe) seo ar an mbileog oibre. (2 nóiméad)

## PARLAIMINT NA hEORPA

Anois is é do shealsa atá ann. Mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa féadfaidh sibh an togra dlí a athrú bunaithe ar an rud a shíleann sibh atá chun leasa shaoránaigh de AE. ACH: Ní mór duit tuairimí na Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh (féach 2), mar aon le togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Chomh maith leis sin, úsáid an fhaisnéis faoi na páirtithe leasmhara (brúghrúpaí).

Lean na céimeanna seo:

1. Cas cártaí na bpáirtithe leasmhara thart ceann i ndiaidh a chéile agus léigh amach os ord an méid atá scríofa orthu (léann gach ball den ghrúpa ceann de na cártaí os ard, duine i ndiaidh a chéile). Is iad seo na cártaí a bhfuil siombail sa chúinne orthu. Lean ort go dtí go bhfuil na cártaí ar fad léite agat. (2 nóim)
2. Leag na cártaí leis an téacs in uachtar ar an mbord ionas gur féidir le baill uile an ghrúpa an fhaisnéis seo a fheiceáil.
3. Pléigh an togra dlí bhunaigh i do ghrúpa agus plé gach airteagal. Tosaigh le hAirteagal 1: Cé atá ag aontú agus cé atá ag easaontú? Úsáid an fhaisnéis ó na páirtithe leasmhara do d'argóintí. Déan an rud céanna do na hairteagail ar fad. (6 nóim)
4. Déan dlí oiriúnaithe a bhfuil na baill uile den ghrúpa ag aontú leis. Féadfaidh tú inneachar na n-airteagal a athrú, iad a scríosadh nó airteagail nua a chur san áireamh. Scríobh do dhlí nua/oiriúnaithe ar an mbileog oibre. (6 nóim)

## AN BHUNCHLOCH I gCOINNE AILSE

Táimid an-sásta leis an togra nua seo. Táimid ag iarraidh daoine a stopadh ó thobac a chaitheamh agus creidimid nach mbeidh an caitheamh tobac chomh mealltach céanna mar go mbeidh na paicéid neodracha in úsáid.

Molaimid do Pharlaimint na hEorpa an togra dlí seo a choinneáil chomh láidir agus is féidir.

## AN TIONSCAL TOBAC

Nílimid, an tionscal tobac, sásta leis an togra nua ón gCoimisiúin Eorpach. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa diúltú don togra. Tá go leor iarrachtaí déanta againn cheana féin: Tá toirmeasc curtha ar fhógraí le haghaidh tobac agus tá rabhaidh mhóra ar na paicéid cheana féin. Ná dearmad, a bhúiochas don tionscal tobac, go dtuilleann rialtais níos mó ná €100 billiún sa bhliain trí ioncam cánach. Tá go leor daoine á bhfostú againn chomh maith. D'fhéadfadh go gciallódh an dlí seo go gcaillfí 175,000 post in AE.

Tá do dhlí oiriúnaithe féin cruthaithe agat. Anois caithfidh tú tacaíocht Pharlaimint na hEorpa trí chéile a fháil. Ullmhaigh cur i láthair gonta maidir le do dhlí nua do na FPEnna eile (na daltaí atá sa rang céanna leat). Úsáid an bhileog oibre agus lean ar aghaidh mar seo a leanas: (3 nóim)

1. Faigh togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus léigh an togra os ard.
2. Inis do na daltaí atá sa rang céanna leat faoi na hathruithe a d'iarr an Chomhairle.
3. Léigh do dhlí nua os ard.
4. Sonraigh 2 nó 3 chúis nó argóint maidir le cén fáth a shíleann tú gur beart maith é seo do shaoránaigh AE. Ullmhaigh iad seo roimh ré agus scríobh ar an mbileog oibre iad.

## AN COIMISIÚN EORPACH

1. Léigh togra dlí an Choimisiúin Eorpaigh. (1 nóiméad)
2. Pléigh go hachomair an togra laistigh den ghrúpa: Céard faoi é? Iarr ar an múinteoir breis faisnéise a thabhairt duit más gá. (1 nóiméad)
3. Caitheann gach grúpa nóiméad ag machnamh ar cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an togra. Ina dhiaidh sin, tógann gach duine seal chun a b(h)arúil a chur in iúl do na baill eile den ghrúpa.

## FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

- Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá chun cinn sa domhan maidir le caiteachas míleata (USD 649 billiún). Ina dhiaidh sin tagann an tSín (USD 250 billiún) agus an Araib Shádach (USD 67.6 billiún). (2018, Statista)
- Meastar go mbeidh amlanna an domhain dhá oiread níos mó faoi 2030, i gcomparáid le 2016.

## AGÓID NA SAORÁNACH

Nílimid ag iarraidh go mbeidh baint ag AE le coinbhleachtaí idirnáisiúnta mar tá riosca dár sábháilteacht anseo san Eoraip. Méadóidh na seansanna go dtarlóidh ionsuithe sceimhlitheoireachta i gcathracha móra Eorpacha. Má chruthaítear arm de chuid an Aontais, níor cheart é a úsáid ach amháin le haghaidh oibríochtaí cabhrach daonnúla.

## TÉAMA 2: ARM AE?

## MEITHEAL MACHNAIMH NEAMHSPLEÁCH

Maidir le coimhlintí agus cúrsaí slándála ar fud an domhain, tá athrú ag teacht ar gcaoi a dtarlaíonn siad agus ar chomh forleathan atá siad. Ós rud é go bhfuil na bagairtí chomh héagsúil sin agus go bhfuil éagsúlacht mhór daoine taobh thiar dóibh, tá dúshlán nua ag teacht chun cinn ó thaobh chosaint agus shlándáil thíortha an Aontais Eorpaigh de.

Dá bhrí sin, ba cheart do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh dul i gcomhar le chéile chun ról tábhachtach a imirt sa domhan ar leibhéal míleata.

## COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Meabhraíonn Comhairle na nAirí don Choimisiún Eorpach go ndéanann Ballstáit cinneadh go neamhspleách maidir lena mbeartas eachtrach agus cosanta. Dá réir sin, molann an Chomhairle na hathruithe seo a leanas:

Ábhar breise le hAirteagal 1: Tá an t-arm Eorpach seo ann taobh leis na hairm náisiúnta agus ní thagann sé ina n-áit.

Ábhar breise le hAirteagal 3: Déanann gach Ballstát cinneadh go huathrialaitheach maidir leis an mbealach a chuireann sé le harm AE, i dtéarmaí daoine agus acmhainní (airgead, tancanna, eitleáin, etc.)

Scríobh síos na hathruithe (leasuithe) seo ar an mbileog oibre. (2 nóiméad)

## PARLAIMINT NA hEORPA

Anois is é do shealsa atá ann. Mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa féadfaidh sibh an togra dlí a athrú bunaithe ar an rud a shíleann sibh atá chun leasa shaoránaigh de AE. ACH: Ní mór duit tuairimí na Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh (féach 2), mar aon le togra dlí bhunaigh an Choimisiún Eorpaigh. Chomh maith leis sin, úsáid an fhaisnéis faoi na páirtithe leasmhara (brúghrúpaí).

Lean na céimeanna seo:

1. Cas cártaí na bpáirtithe leasmhara thart ceann i ndiaidh a chéile agus léigh amach os ord an méid atá scríofa orthu (léann gach ball den ghrúpa ceann de na cártaí os ard, duine i ndiaidh a chéile). Is iad seo na cártaí a bhfuil siombail sa chúinne orthu. Lean ort go dtí go bhfuil na cártaí ar fad léite agat. (2 nóim)
2. Leag na cártaí leis an téacs in uachtar ar an mbord ionas gur féidir le baill uile an ghrúpa an fhaisnéis seo a fheiceáil.
3. Pléigh an togra dlí bhunaigh i do ghrúpa agus plé gach airteagal. Tosaigh le hAirteagal 1: Cé atá ag aontú agus cé atá ag easaontú? Úsáid an fhaisnéis ó na páirtithe leasmhara do d'argóintí. Déan an rud céanna do na hairteagail ar fad. (6 nóim)
4. Déan dlí oiriúnaithe a bhfuil na baill uile den ghrúpa ag aontú leis. Féadfaidh tú inneachar na n-airteagal a athrú, iad a scríosadh nó airteagail nua a chur san áireamh. Scríobh do dhlí nua/oiriúnaithe ar an mbileog oibre. (6 nóim)

## GRÉASÁN SÍOCHÁNA EAGRAÍOCHTAÍ

Sa Libia agus san Afganastáin, chuaigh an staid chun donais i ndiaidh idirghabháil mhíleata. Ní réitíonn airm coinbhleachtaí. Táimid ag iarraidh go staonfaidh AE ó infheistíocht a dhéanamh in arm Eorpach. Ní theastaíonn an t-arm sin ó na daoine ná níl siad ag iarraidh go gcaithfear tuilleadh airgid ar chosaint na hEorpa.

Saincheist amháin eile: Cén teanga a bheadh á labhairt ag an arm seo? Béarla? Fraincis? Ceann amháin nó níos mó den 24 teanga oifigiúil eile de chuid AE?

## AN TIONSCAL COSANTA

Táimid i bhfabhar arm Eorpach nua a bheadh ag feidhmiú taobh leis na hairm náisiúnta atá ann cheana féin. Ní mór go mbeadh tús áite á thabhairt do shábháilteacht an Aontais Eorpaigh. Ní mór do AE a bheartas cosanta féin a fhorbairt chomh luath agus is féidir seachas a bheith ag brath ar na Stáit Aontaithe le cabhrú leo sa chás go dtarlaíonn ionsaí. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa an buiséad breise a sholáthar chun an t-arm seo a fhorbairt. Is ar mhaithe leis an leas coitinn é.

Tá do dhlí oiriúnaithe féin cruthaithe agat. Anois caithfidh tú tacaíocht Pharlaimint na hEorpa trí chéile a fháil. Ullmhaigh cur i láthair gonta maidir le do dhlí nua do na FPEnna eile (na daltaí atá sa rang céanna leat). Úsáid an bhileog oibre agus lean ar aghaidh mar seo a leanas: (3 nóim)

1. Faigh togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus léigh an togra os ard.
2. Inis do na daltaí atá sa rang céanna leat faoi na hathruithe a d'iarr an Chomhairle.
3. Léigh do dhlí nua os ard.
4. Sonraigh 2 nó 3 chúis nó argóint maidir le cén fáth a shíleann tú gur beart maith é seo do shaoránaigh AE. Ullmhaigh iad seo roimh ré agus scríobh ar an mbileog oibre iad.

## AN COIMISIÚN EORPACH

1. Léigh togra dlí an Choimisiúin Eorpaigh. (1 nóiméad)
2. Pléigh go hachomair an togra laistigh den ghrúpa: Céard faoi é? larr ar an múinteoir breis faisnéise a thabhairt duit más gá. (1 nóiméad)
3. Caitheann gach grúpa nóiméad ag machnamh ar cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an togra. Ina dhiaidh sin, tógann gach duine seal chun a b(h)arúil a chur in iúl do na baill eile den ghrúpa.

## PAINÉAL NA NÁISIÚN AONTAITHE D'EOLAITHE COMHSHAOIL

- Tá an domhan anois 1°C níos teo ná mar a bhí sé le linn na Réabhlóide Tionsclaíche mar gheall ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí an duine.
- Má thagann méadú 2°C ar mheánteochtanna, ní bheidh smacht againn a thuilleadh ar na hiarmhairtí (tuillte, stoirmeacha láidre, farraigí ag ardú, etc.).
- Tá AE freagrach as 11 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an domhain. Is é AE an tríú réigiún is mó a chuireann astaíochtaí san atmaisféar, taobh thiar den tSín agus de na Stáit Aontaithe.
- Tháinig 18.9 % d'úsáid iomlán fuinnimh an Aontais ó fhoinsí inathnuaite in 2018 (Eurostat, 2020).

## SAORÁNACH

Ceapaimid gur cheart don Aontas bearta láidre a ghlacadh i coinne an téimh dhomhanda. Táimid réasúnta dóchasach faoin togra Eorpach agus tá súil againn go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa gach rud is féidir léi gan an togra sin a lagú.

Mura ndéantar idirghabháil i ndáil le hathrú aeráide beidh iarmhairtí tromchúiseacha ann don uile dhuine agus cosnóidh sé 934 milliún euro in aghaidh na bliana. Agus, arís, is iad na saoránaigh, seachas na cuideachtaí, a bheidh ag íoc an bhille.

## TÉAMA 3: AE AGUS TÉAMH DOMHANDA

## COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Tá Comhairle na nAirí sásta go bhfuil an Coimisiún Eorpach lándáiríre faoin athrú aeráide. Dá ainneoin sin, tá na hathruithe seo a leanas á lorg ag an gComhairle:

Airteagal 2. Tíocfaidh 30% ó fhoinsí inathnuaite fuinnimh faoi 2030. Ná leag síos bearta do 2050 ach amháin má leagann SAM agus an tSín bearta láidre síos chomh maith.

Scríobh síos na hathruithe (leasuithe) seo ar an mbileog oibre. (2 nóiméad)

## PARLAIMINT NA HEORPA

Anois is é do shealsa atá ann. Mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa féadfaidh sibh an togra dlí a athrú bunaithe ar an rud a shíleann sibh atá chun leasa shaoránaigh de AE. ACH: Ní mór duit tuairimí na Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh (féach 2), mar aon le togra dlí bhunaigh an Choimisiún Eorpaigh. Chomh maith leis sin, úsáid an fhaisnéis faoi na páirtithe leasmhara (brúghrúpaí).

Lean na céimeanna seo:

1. Cas cártaí na bpáirtithe leasmhara thart ceann i ndiaidh a chéile agus léigh amach os ord an méid atá scríofa orthu (léann gach ball den ghrúpa ceann de na cártaí os ard, duine i ndiaidh a chéile). Is iad seo na cártaí a bhfuil siombail sa chúinne orthu. Lean ort go dtí go bhfuil na cártaí ar fad léite agat. (2 nóim)
2. Leag na cártaí leis an téacs in uachtar ar an mbord ionas gur féidir le baill uile an ghrúpa an fhaisnéis seo a fheiceáil.
3. Pléigh an togra dlí bhunaigh i do ghrúpa agus plé gach airteagal. Tosaigh le hAirteagal 1: Cé atá ag aontú agus cé atá ag easaontú? Úsáid an fhaisnéis ó na páirtithe leasmhara do d'argóintí. Déan an rud céanna do na hairteagail ar fad. (6 nóim)
4. Déan dlí oiriúnaithe a bhfuil na baill uile den ghrúpa ag aontú leis. Féadfaidh tú inneachar na n-airteagal a athrú, iad a scríosadh nó airteagail nua a chur san áireamh. Scríobh do dhlí nua/oiriúnaithe ar an mbileog oibre. (6 nóim)

## GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Táimid sásta leis an togra seo agus iarraidimid ar Pharlaimint na hEorpa gan géilleadh do stocairí ola agus guail. Léiríonn fianaise go gcruthaíonn infheistíocht sa gheilleagar glas poist nua chomh maith. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas leanúint de na pleananna sin – is cuma céard a chinneadh tíortha eile sa domhan.

## CUIDEACHTAÍ OLA AGUS GUAIL

Níl an earnáil ar a dtugtar 'fuinneamh inathnuaite' réidh fós. Dá bhrí sin, níl a fhios againn an mbeimid in ann brath ar an bhfuinneamh inathnuaite amach is amach faoi 2050. Sin é an fáth a bhfuilimid ag tathant ar Pharlaimint na hEorpa gan a bheith ag brath ar fhoinsí inathnuaite amháin chun an soláthar fuinnimh do dhaoine aonair agus do chuideachtaí in AE a chinntiú.

Tá do dhlí oiriúnaithe féin cruthaithe agat. Anois caithfidh tú tacaíocht Pharlaimint na hEorpa trí chéile a fháil. Ullmhaigh cur i láthair gonta maidir le do dhlí nua do na FPEanna eile (na daltaí atá sa rang céanna leat). Úsáid an bhileog oibre agus lean ar aghaidh mar seo a leanas: (3 nóim)

1. Faigh togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus léigh an togra os ard.
2. Inis do na daltaí atá sa rang céanna leat faoi na hathruithe a d'íarr an Chomhairle.
3. Léigh do dhlí nua os ard.
4. Sonraigh 2 nó 3 chúis nó argóint maidir le cén fáth a shíleann tú gur beart maith é seo do shaoránaigh AE. Ullmhaigh iad seo roimh ré agus scríobh ar an mbileog oibre iad.



## TÉAMA 4: DAONLATHAS EORPACH

### AN COIMISIÚN EORPACH

1. Léigh togra dlí an Choimisiúin Eorpaigh. (1 nóiméad)
2. Pléigh go hachomair an togra laistigh den ghrúpa: Céard faoi é? Iarr ar an múinteoir breis faisnéise a thabhairt duit más gá. (1 nóiméad)
3. Caitheann gach grúpa nóiméad ag machnamh ar cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an togra. Ina dhiaidh sin, tógann gach duine seal chun a b(h)arúil a chur in iúl do na baill eile den ghrúpa.

### FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

- Ba é céatadán na ndaoine a chaith vóta sna toghcháin Eorpacha in 2019 ná 50.7 %.
- Is sa Bheilg, sa Ghréig agus i Lucsamburg amháin atá vótáil éigeantach. Sa Ghréig, áfach, ní chuirtear an dlí vótála i bhfeidhm.
- Bhí Comhairliúchán le Saoránaigh na hEorpa ann in 2008 agus 2009, agus i leath na dtuarascálacha náisiúnta a tháinig ón gcomhairliúchán dúradh gur cheart go mbeadh páirt níos mó ag na saoránaigh sa phróiseas cinnteoireachta.

### SAORÁNAIGH

Níor cheart go gcuirfí faoi deara do dhaoine vótáil. Nuair a dhéanann daoine fásta an cinneadh gan vótáil ar an ábhar nach gceapann siad go bhfuil na toghcháin tábhachtach dóibh nó mura n-aontaíonn siad le haon iarrthóir polaitiúil nó leis an gcóras, tá an ceart sin acu. Thairis sin, b'fhearr nach vótálfadh sna toghcháin Eorpacha ach na daoine sin a bhfuil fíospéis acu san Aontas, óir is iad sin is mó a mbeidh eolas acu air. Má chuirtear iallach ar dhaoine nach bhfuil spéis acu ann vótáil, d'fhéadfadh sé go vótálfadís go randamach, go díreach chun riachtanais dlí a chomhlíonadh, nó go vótálfadís d'iarrthóirí atá baoth nó áiféiseach.

### MEITHEAL MACHNAIMH NEAMHSPLEÁCH

Ní saineolaithe iad formhór na ngnáthshaoránach. Cén fáth a dtabharfadh na hinstiúidí ról chomh tábhachtach sin dóibh? Seachas tionól de shaoránaigh, molann ár meitheal machnaimh saineolaithe a roghnú ón tionscal, ón aos léinn agus ó eagraíochtaí den tsochaí shibhialta.

### COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh i bhfách le saoránaigh a bheith níos rannpháirtí i ngnóthaí an Aontais. Cuireann sí béim air, áfach, gurb iad na Ballstáit a dhéanann cinneadh maidir le vótáil éigeantach. Éilíonn sí go ndéanfaí na hathruithe seo a leanas:

AIRTEAGAL 1. Ní féidir leis an gCoimisiún Eorpach ach spreagadh a thabhairt do na Ballstáit vótáil éigeantach a thabhairt isteach. Is iad na Ballstáit a dhéanann an cinneadh críochnaitheach.

MÍR BHREISE LE HAIRTEAGAL 2. "Ní féidir leis an Tionól seo ach comhairle a thabhairt agus níl aon chumhacht eile aige."

Scríobh síos na hathruithe (leasuithe) seo ar an mbileog oibre. (2 nóiméad)

### CUMANN BEARTAIS NA hEORPA

Tá muintir na hEorpa ag lorg glór níos mó sa chaoi a n-oibríonn an tAontas. Táimid go mór i bhfách leis an dara cuid den togra seo, go háirithe roghnú randamach saoránach. Ní fiú gealltanais a dhéanamh díreach ar mhaithe le háit sa tionól seo a bhaint amach. Cinntíonn sé sin freisin go mbeidh 'gnáthshaoránaigh' páirteach i gceapadh beartais na hEorpa. Tá sé sin tábhachtach toisc go bhfuil na bealaí éagsúla atá ann faoi láthair chun bheith páirteach dírithe ar eagraíochtaí nó daoine próifisiúnta nó ar shaineolaithe i réimsí ar leith.

### MEITHEAL MACHNAIMH DON DAONLATHAS

Táimid i bhfách le vótáil éigeantach a thabhairt isteach le haghaidh na dtoghcháin Eorpacha. Fágfaidh sé sin go mbeidh torthaí an toghcháin ina léiriú ar thuairim na saoránach go léir, daoine óga san áireamh. Tá sé seo tábhachtach, mar go bhfuil sé léirithe le taighde gurb iad na glúnta is sine go príomha a chaitheann a vóta, agus d'fhéadfadh sé sin torthaí an toghcháin a chur as riocht.

Thairis sin, is minic gan an oiread céanna eolais ag daoine ar an bpolaitíocht Eorpach. Athróidh vótáil éigeantach é sin, mar beidh ar dhaoine iad féin a chur ar an eolas sula gcaithfidh siad vóta.

Tá do dhlí oiriúnaithe féin cruthaithe agat. Anois caithfidh tú tacaíocht Pharlaimint na hEorpa trí chéile a fháil. Ullmhaigh cur i láthair gonta maidir le do dhlí nua do na FPEnna eile (na daltaí atá sa rang céanna leat). Úsáid an bhileog oibre agus lean ar aghaidh mar seo a leanas: (3 nóim)

1. Faigh togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh agus léigh an togra os ard.
2. Inis do na daltaí atá sa rang céanna leat faoi na hathruithe a d'iarr an Chomhairle.
3. Léigh do dhlí nua os ard.
4. Sonraigh 2 nó 3 chúis nó argóint maidir le cén fáth a shíleann tú gur beart maith é seo do shaoránaigh AE. Ullmhaigh iad seo roimh ré agus scríobh ar an mbileog oibre iad.

### PARLAIMINT NA hEORPA

Anois is é do shealsa atá ann. Mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa féadfaidh sibh an togra dlí a athrú bunaithe ar an rud a shíleann sibh atá chun leasa shaoránaigh de AE. ACH: Ní mór duit tuairimí na Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh (féach 2), mar aon le togra dlí bhunaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Chomh maith leis sin, úsáid an fhaisnéis faoi na páirtithe leasmhara (brúghrúpaí).

Lean na céimeanna seo:

1. Cas cártaí na bpáirtithe leasmhara thart ceann i ndiaidh a chéile agus léigh amach os ord an méid atá scríofa orthu (léann gach ball den ghrúpa ceann de na cártaí os ard, duine i ndiaidh a chéile). Is iad seo na cártaí a bhfuil siombail sa chúinne orthu. Lean ort go dtí go bhfuil na cártaí ar fad léite agat. (2 nóim)
2. Leag na cártaí leis an téacs in uachtar ar an mbord ionas gur féidir le baill uile an ghrúpa an fhaisnéis seo a fheiceáil.
3. Pléigh an togra dlí bhunaigh i do ghrúpa agus plé gach airteagal. Tosaigh le hAirteagal 1: Cé atá ag aontú agus cé atá ag easaontú? Úsáid an fhaisnéis ó na páirtithe leasmhara do d'argóintí. Déan an rud céanna do na hairteagail ar fad. (6 nóim)
4. Déan dlí oiriúnaithe a bhfuil na baill uile den ghrúpa ag aontú leis. Féadfaidh tú inneachar na n-airteagal a athrú, iad a scriosadh nó airteagail nua a chur san áireamh. Scríobh do dhlí nua/oiriúnaithe ar an mbileog oibre. (6 nóim)

## AN COIMISIÚN EORPACH

1. Léigh togra dlí an Choimisiúin Eorpaigh. (1 nóiméad)
2. Pléigh go hachomair an togra laistigh den ghrúpa: Céard faoi é? larr ar an múinteoir breis faisnéise a thabhairt duit más gá. (1 nóiméad)
3. Caitheann gach grúpa nóiméad ag machnamh ar cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn sé leis an togra. Ina dhiaidh sin, tógann gach duine seal chun a b(h)arúil a chur in iúl do na baill eile den ghrúpa.

## MEITHEAL MACHNAIMH NEAMHSPLEÁCH

Is sna tíortha i ndeisceart na hEorpa is mó atá imircigh ag plódú isteach de bhrí gurb iadsan is gaire do na bealaí imirce reatha. Ciallaíonn sé sin gurb iad na tíortha sin a chaitheann freastal ar an líon is mó iarrthóirí tearmainn, agus tá costas ag baint leis sin. Ba cheart do na Ballstáit eile san Aontas tacú leo. Sin é an fáth a dtacaímid leis an togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach.

## AMNESTY INTERNATIONAL

Má tá an tAontas dáiríre faoin tábhacht atá le cearta an duine, caithfidh sé beart a dhéanamh agus beatha daoine a shábháil. Iarraimid ar Pharlaimint na hEorpa tacú leis an togra seo mar go bhfuil cur chuige Eorpach fíor-riachtanach. Táimid ag tathant ar an Aontas freisin bealaí dlíthiúla a aimsiú chun go bhféadfaidh daoine ó lasmuigh de AE iarrtas tearmainn a dhéanamh. Faoi láthair ní féidir le daoine iarratas a chur isteach go dtí go bhfuil talamh AE sroichte acu, rud a chuireann iallach orthu dul isteach go mídhleathach agus iad féin a chur i gcontúirt.

## FÍRICÍ AGUS FIGIÚIRÍ

- Tá 70.8 milliún duine ar fud an domhain díbeartha leis an lámh láidir óna mbailte (UNHCR, 2019).
- Is san Eoraip atá 14% de dhéanaithe uile an domhain (UNHCR, 2019).
- I measc na gcúiseanna a dteitheann daoine tá: cogadh (e.g. an tSíría), suaitheadh polaitiúil (e.g. an Afganastáin, an Líbia) agus an sceimhlitheoireacht (e.g. an Nigéir, an Eiritré).
- Ó 2014 i leith, fuair os cionn 20 000 duine bás agus iad ag iarraidh an Mheánmhuir a thrasnú (Missing Migrants Project, 2019).

## COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Tá Comhairle na nAirí den tuairim nach mór do na Ballstáit cinneadh a dhéanamh go huathrialaitheach faoin tsaincheist seo. Tá na hathruithe seo a leanas á lorg ag an gComhairle:

Airteagal 2: Déanfaidh na Ballstáit an cinneadh deireanach maidir le bheith nó gan a bheith páirteach sa phlean athshocraithe.

Airteagal 3: Déanfaidh na Ballstáit cinneadh go huathrialaitheach maidir leis an méid dídeanaithe a mbeidh siad in ann freastal orthu.

Airteagal 4: Déanfaidh gach tír an cinneadh deireanach maidir leis an mbaint a bheidh acu leis an bplean athshocraithe.

Scríobh síos na hathruithe (leasuithe) seo ar an mbileog oibre. (2 nóiméad)

## FOSTÓIRÍ AR SON AN IMEASCTHA

Is deis maith don phobal é fáilte a chur roimh dhaoine ó thíortha lasmuigh den Aontas agus cead oibre a thabhairt dóibh (nó a imeascadh) sa margadh saothair. Nuair atá siad imeasctha go cuí, cuidíonn siad le feabhas a chur ar an margadh saothair agus le cúrsaí airgeadais na tíre. Ós rud é go bhfuil daonra na hEorpa ag dul in aois, tá an t-imeascadh sin riachtanach chun go mbeifear in ann pinsin a íoc.

## AGÓID NA SAORÁNACH

Ní féidir lenár dtíortha freastal ar na hiarrthóirí tearmainn ar fad. Níl an spás ná an t-airgead againn. Is é an t-aon chaoi lenár modh maireachtála a choinneáil slán ná gan glacadh le duine ar bith as áit lasmuigh den Aontas. Éilimid gur féidir le gach Ballstát cinneadh uathrialaitheach a dhéanamh maidir le conas déileáil le hiarrthóirí tearmainn agus cé mhéad iarrthóirí tearmainn ar cheart glacadh leo. Ní fhéadfaidh AE aon rud a fhorchur ar na Ballstáit.

## PARLAIMINT NA hEORPA

Anois is é do shealsa atá ann. Mar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa féadfaidh sibh an togra dlí a athrú bunaithe ar an rud a shíleann sibh atá chun leasa shaoránaigh de AE. ACH: Ní mór duit tuairimí na Chomhairle an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh (féach 2), mar aon le togra dlí bhunaidh an Choimisiúin Eorpaigh. Chomh maith leis sin, úsáid an fhaisnéis faoi na páirtithe leasmhara (brúghrúpaí).

Lean na céimeanna seo:

1. Cas cártaí na bpáirtithe leasmhara thart ceann i ndiaidh a chéile agus léigh amach os ord an méid atá scríofa orthu (léann gach ball den ghrúpa ceann de na cártaí os ard, duine i ndiaidh a chéile). Is iad seo na cártaí a bhfuil siombail sa chúinne orthu. Lean ort go dtí go bhfuil na cártaí ar fad léite agat. (2 nóim)
2. Leag na cártaí leis an téacs in uachtar ar an mbord ionas gur féidir le baill uile an ghrúpa an fhaisnéis seo a fheiceáil.
3. Pléigh an togra dlí bhunaidh i do ghrúpa agus plé gach airteagal. Tosaigh le hAirteagal 1: Cé atá ag aontú agus cé atá ag easaontú? Úsáid an fhaisnéis ó na páirtithe leasmhara do d'argóintí. Déan an rud céanna do na hairteagail ar fad. (6 nóim)
4. Déan dlí oiriúnaithe a bhfuil na baill uile den ghrúpa ag aontú leis. Féadfaidh tú inneachar na n-airteagal a athrú, iad a scríosadh nó airteagail nua a chur san áireamh. Scríobh do dhlí nua/oiriúnaithe ar an mbileog oibre. (6 nóim)

Tá do dhlí oiriúnaithe féin cruthaithe agat. Anois caithfidh tú tacaíocht Pharlaimint na hEorpa trí chéile a fháil. Ullmhaigh cur i láthair gonta maidir le do dhlí nua do na FPEnna eile (na daltaí atá sa rang céanna leat). Úsáid an bhileog oibre agus lean ar aghaidh mar seo a leanas: (3 nóim)

1. Faigh togra dlí bhunaidh an Choimisiúin Eorpaigh agus léigh an togra os ard.
2. Inis do na daltaí atá sa rang céanna leat faoi na hathruithe a d'iarr an Chomhairle.
3. Léigh do dhlí nua os ard.
4. Sonraigh 2 nó 3 chúis nó argóint maidir le cén fáth a shíleann tú gur beart maith é seo do shaoránaigh AE. Ullmhaigh iad seo roimh ré agus scríobh ar an mbileog oibre iad.